# Scéal, Scéal, Scéal...

29 Meán Fómhair 2022 || Eagrán 116

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# COSÁN NA NAOMH

Ní fada anois go mbeidh saothar úrnua ceoil leis an gceoltóir agus cumadóir iomráiteach Máire Breatnach, á léiriú ag Stiúideo Cuan sa Spidéal. Meascán de cheol agus filíocht a bheas ann, a thabharfaidh léargas ar leithinis Chorca Dhuibhne agus stair ársa an cheantair Gaeltachta seo. Beidh an veidhlín agus viola á sheinm ag Máire Breatnach in éineacht le Mick O' Brien ar na feadóga agus na píb uilleann, chomh maith le Noreen O' Donoghue ar an gcláirseach le dearadh fuaime ó Stephen O' Brien. Cuireadh tús leis an sraith nua ar an 27 Meán Fómhair, agus críochnóidh sé ar an 1 Deireadh Fómhair. Tosóidh sé @ 8:30i.n. chuile oíche. Tá an togra seo á reáchtáil ag Stiúideo Cuan i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi Chosán na Naomh ach teagmháil a dhéanamh le Stiúideo Cuan ag 091 553838 nó is féidir ticéad a cheannach ach 'Cosán na Naomh' a chuardach ar Eventbrite.

STIÚIDEO Cuan



# RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Cuireadh tús leis na ranganna le gairid ach tá fáilte roimh fhoghlaimeoirí nua fós. Beidh na ranganna ar siúl ar an Déardaoin @ 7i.n. in Inis Fáil, sa Spidéal. Le tuilleadh eolais, nó le clárú do na ranganna, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294. *Irish Classes for parents take place every Thursday @ 7pm The course will last six weeks, and will take place in Inis Fáil, Spiddal. To register, please contact optchoisfharraige@gmail or 083 010 6294*



# FADHB LE SOLÁTHAR UISCE

Fógraíodh le gairid go bhfuil an iomarca mangainéise san uisce ag tíocht ó Scéim an Spidéil agus comhairlíodh do dhaoine i gCois Fharraige gan an t-uisce a ól, ná a úsáid i gcócaireacht ná le fiacla a ní.  Fiú amháin má tá an t-uisce bruite roimh ré ní bhaineann sé an dochar as an uisce.  Cois Fharraige - ó Na Forbacha siar go Ros a' Mhíl atá i gceist agus beagnach 6,000 custaiméir de chuid Uisce Éireann buailte ag an bhfadhb uisce. Tá soláthar uisce le fáil ó dhabhachanna atá feistithe ag Séipéal an Chnoic agus ag Seanchéibh An Spidéil, chomh maith le háiteanna eile. Ach ní mór an t-uisce ó na dabhachanna a fhiuchadh le go mbeidh sé sábháilte le n-ól.

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

# Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

(Irish classes for parents)

**Ranganna ar fáil do dhaoine le roinnt Gaeilge atá ranganna déanta acu cheana féin.**

(Classes suitable for parents, who have some Irish and have undertaken classes before.)

**Déardaoin 15ú Meán Fómhair**

(Thursday 15ú September)

**Le clárú (Register):**

**optchoisfharraige@gmail.com**

**083 010 6294**

# RANGANNA GAEILGE

do dhaoine fásta

**Ranganna Gaeilge do thosaitheoirí**

(Irish Classes for beginners)

**Dé Máirt 20ú Meán Fómhair**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 6 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag

**optchoisfharraige@gmail.com**

(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

# FÉILE CHOIS FHARRAIGE 2022

Ní fada anois go gcuirfear tús le Féile Chois Fharraige 2022. Tá sceideal lán go béal againn i mbliana idir imeachtaí litríochta, filíochta agus ceoil! Chomh maith le sin, seolfar leabhar le Fearghas Mac Lochlainn darbh ainm 'An Slipéar Gloine' agus beidh comóradh ar shaothar de chuid Cathal Ó Sándair - le plé ó aoichainteoirí éagsúla agus taispeántas den scoth. Caithfear roinnt ama amuigh faoin aer le linn na Féile freisin le siúlóid teaghlaigh ar an Satharn le Macdara Ó Cuaig agus siúlóid do dhaoine fásta ar an Domhnach le hEoin Ó Tuairisg. Foilseofar sceideal iomlán na Féile go luath, ach le tuilleadh eolais a fháil faoi imeachtaí na Féile nó ticéid, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.



# TRÁTH NA GCEIST

Tá Tráth na gCeist á reáchtáil ag Coiste na nÓg - CLG an Spidéil ar an Aoine 7ú Deireadh Fómhair. Cuirfear tús leis an imeacht @ 8:30i.n. sa gCrúiscín Lán, sa Spidéal. Tá costas €40 ar bhord de cheathrar. Beidh crannchur ar an oíche freisin, le duaiseanna iontacha le buachan. Le níos mó eolais a fháil faoin oíche, nó le bord a chur in áirithe is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gclub ar a gcuntas Facebook: CLG An Spidéil. Go n-éirí go geal libh!



# Féile Cois Farraige

Cultúr • Ceol • Ealaín • Oidhreacht • Traidisiún

## Amhráin, Ceol, Filíocht, Ealaín, Litríocht, Scannán, Siúlóidí


Sonraí Teagmhála

083 010 6294

Ríomhphost: feilechoisfharraige21@gmail.com

Facebook: Féile Chois Fharraige

Twitter: Féile Chois Fharraige


Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## Dé Máirt  04 Deireadh Fómhair

7:00i.n *Ag Léamh faoin mBinse Scoile*
Taispeántas agus plé ar
Chathal Ó Sándair
- POTA Café -

8:30i.n Club Foghlaimeoirí Gaeilge
Chois Fharraige
Seoladh Suíomh Idirlín, Gaelchairde &
Seisiún Ceoil
- Tigh Chualáin -

## Dé Céadaoin
## 05 Deireadh Fómhair

12:00i.n Seisiún Ceoil & Amhránaíochta
- Tearmann Éanna -

7:00i.n. *'Ionúin Linn Cois Fharraige'*
Taispeántas Ealaíne
- Comhlacht Forbartha an Spidéil -

## Déardaoin 06 Deireadh Fómhair

3:00 i.n Seisiún Ceoil & Amhránaíochta
- Áras Chois Fharraige -

6:30 i.n Comóradh 40 Bliain
Chaitlín Maude
- Coláiste Chroí Mhuire -

8:00i.n *An Cailín Ciúin*
Club Scannán Sailearna
- Seanscoil Sailearna -

9:00i.n Seisiún Ceoil & Amhránaíochta
- Tigh Mholly -

## <u>Dé hAoine 07 Deireadh Fómhair</u>

10:30r.n *An Cailín Ciúin*
Coláiste Chroí Mhuire
& Coláiste Cholmcille
- Seanscoil Sailearna -

4:00i.n Ceiliúradh ar
Phlean Teanga Chois Fharraige
- Stiúideo Cuan -

8:30i.n Tráth na gCeist
CLG An Spidéil - Coiste na nÓg
- An Crúiscín Lán -

9:00i.n. *'Súil an Daill'* le Darach Ó Scolaí
á phlé ag
Club Leabhar Chois Fharraige
- Tigh Mholly -

## Dé Sathairn 08 Deireadh Fómhair

**10:00r.n Siúlóid cois farraige**
**don Teaghlach**
**le Macdara Ó Cuaig**
**i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta**
**- teacht le chéile ag An Airdín Buí -**
**(Le clárú: meadhbh@tuismitheoiri.ie)**

**1:00i.n. *An Slipéar Gloine***
**Seoladh Leabhair i gcomhar le Futa Fata**
**- Leabharlann An Spidéil -**

**8:00i.n *Ó Ghlúin go Glúin***
**Teaghlaigh Chois Fharraige ag ceol**
**- Seanscoil Sailearna -**

## Domhnach 09 Deireadh Fómhair

**12:30i.n Siúlóid**
**faoi threoir Eoin Uí Thuairisg**
**- teacht le chéile Tigh Mholly -**

**3:00i.n Taispeántas Cócaireachta le comhábhair áitiúla**
**Diarmuid Ó Mathúna**
**- POTA Café -**

**8:30i.n Clabhsúr na Féile**
**Banna Ceoil Cogar**
**- Tigh Chualáin -**



# Ticéid

## Ó Ghlúin go Glúin

### Teaghlaigh Chois Fharraige ag ceol

Ticéid ar fáil ó
optchoisfharraige@gmail.com
nó
bain leas as an gcód QR seo.

## An Cailín Ciúin

Ticéid ar fáil ó
optchoisfharraige@gmail.com
nó
bain leas as an gcód QR seo.

## Taispeántas Cócaireachta

Ticéid ar fáil ó
optchoisfharraige@gmail.com
nó
bain leas as an gcód QR seo.



# POTA
## CAFÉ

# Taispeántas Cócaireachta
### mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige

Taispeánfaidh Diarmuid Ó Mathúna cén chaoi le cuid de na hoidis is mó tóir sa chaifé a réiteach agus é ag baint úsáid as cómhábhair áille áitiúla.

Reáchtálfar an t-imeacht seo go hiomlán trí mheán na Gaeilge.




**POTA Café, An Tulach**
**Dé Domhnaigh**
**9 Deireadh Fómhair**
**3-5pm**

**€10**
*+costas áirithinte*
*potacafe.eventbrite.com*

# SEOLADH LEABHAIR


# 'An Slipéar Gloine'




## Seoladh Leabhair

Ba mhór ag Futa Fata agus
ag Féile Chois Fharraige,
thú a bheith i láthair linn
le ceiliúradh a dhéanamh ar
**An Slipéar Gloine**
le Fearghas Mac Lochlainn.

Dé Sathairn
08/10/2022 @1in
Leabharlann An Spidéil



Fáilte roimh chách, saorchead isteach!

Futa Fata

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

Féile Cois Farraige
Cultúr · Ceol · Ealaín · Oidhreacht · Traidisiún

# Ó Ghlúin go Glúin

# Ceolchoirm

le roinnt de theaghlaigh ceolmhara Chois Fharraige

Á chur i láthair ag
Cainnear Nic Réamoinn & Eoin Ó Neachtain

**Seanscoil Sailearna**
**Satharn 8 Deireadh Fómhair**
**@8i.n**

Ticéid: Glaoigh ar 083-0106294
nó
bain úsáid as an gcód QR seo
nó
ag an doras!

**Beidh an ceolchoirm 'Ó Ghlúin go Glúin' ar siúl, mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige ar an Satharn 2ú Deireadh Fómhair. Cuirfear tús leis @ 8i.n. Is féidir ticéad a chur in áirithe don cheolchoirm ach leas a bhaint as an gcó QR thuas, nó is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294 Ceiliúradh a bheas ann ar cheol, amhránaíocht agus damhsa ó theaghlaigh Chois Fharraige!**

# CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Tar éis briseadh don samhradh beidh na scannáin ag filleadh ar Sheanscoil Sailearna ar an Déardaoin 29 Meán Fómhair. Idir sin agus an Nollaig, taispeánfar deich scannán ó thíortha éagsúla sa tSeanscoil, dhá scannán Gaeilge ina measc. Ar an liosta scannán don séasúr tá 'An Cailín Ciúin'. Scannán iontach Gaeilge atá ann agus is iomaí duais átá buaite aige ar fud an domhain chomh maith le hard mholadh ó léirmheastóirí. Taispeánfar 'An Cailín Ciúin' ar an Déardaoin, 6ú Deireadh Fómhair, le linn Féile Chois Fharraige. Tá liosta iomlán na scannán a bheas á dtaispeáint idir seo agus an Nollaig le fáil ar an suíomh idirlín www.clubscannan.ie áit a bhfuil eolas faoi bhallraíocht a shocrú, nó ticéad a cheannach do scannán.






# CLUB CEARDAÍOCHTA

Ní fada anois go gcuirfear tús le Club Ceardaíochta i Ros an Mhíl. Faoi threoir Patricia Ní Chonghaile a bheas an cúrsa agus beidh meascán de phéinteáil, clé agus seodra idir lámha ag na rannpháirtithe. Beidh an cúrsa feiliúnach do ghasúir idir 7-12 bliain, agus mairfidh chuile sheisiún ó 9-11:30r.n. ag tosú ar an Satharn 1 Deireadh Fómhair ar feadh cúig seachtaine, in Ionad Pobail Chois Cuain.

Le spás a chur in áirithe, is féidir teagmháil a dhéanamh le Patricia - chomh luath agus is féidir - ag 087 746 9387

